2024/2206

6.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2206 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, tar éis glacadh le hiarraidh ar stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 9 de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, agus go háirithe Airteagal 1(6), de ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas,

A. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) An 17 Eanáir 2019, trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 ('an Rialachán bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an táirge lena mbaineann') isteach san Aontas.

(2) San imscrúdú a raibh sé mar thoradh air dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ('an t-imscrúdú bunaidh'), cuireadh sampláil i bhfeidhm chun táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne (an tSín) a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/1036.

(3) D'fhorchuir an Coimisiún dleachtrátaí frithdhumpála aonair idir 10,3 % agus 62,1 % ar allmhairí rothar leictreach i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a sampláladh ón tSín. Forchuireadh meándleacht ualaithe 24,2 % ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla (cé is moite de na cuideachtaí atá faoi réir an dleachtráta frithchúitimh le haghaidh gach cuideachta eile arna fhorchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ([3]) ón gCoimisiún ar an táirge lena mbaineann). Liostaítear na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sin nár áiríodh sa sampla in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán bunaidh. Forchuireadh meándleacht ualaithe 16,2 % ar chuideachtaí comhoibríocha eile nár áiríodh sa sampla (agus atá faoi réir an dleachtráta frithchúitimh le haghaidh gach cuideachta eile arna fhorchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún ar an táirge lena mbaineann). Liostaítear iad sin in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán bunaidh. Thairis sin, forchuireadh dleachtráta 70,1 % a chuimsigh an tír ar fad ar rothair leictreacha ó chuideachtaí sa tSín nár chomhoibrigh leis an imscrúdú frithdhumpála ach a chomhoibrigh san imscrúdú frith-fhóirdheontais maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann (a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán bunaidh). Forchuireadh dleachtráta 62,1 % ar gach cuideachta eile.

(4) De bhun Airteagal 1(6) den Rialachán bunaidh, féadfar mír 2 den Airteagal sin a leasú trí tháirgeoir onnmhairiúcháin nua a chur leis an iarscríbhinn iomchuí ina bhfuil na cuideachtaí comhoibríocha nár airíodh sa sampla agus atá faoi réir an mheánráta dleachta frithdhumpála ualaithe iomchuí dá bhrí sin, i gcás ina soláthróidh an táirgeoir onnmhairiúcháin nua sin sa tSín fianaise leordhóthanach don Choimisiún a léireoidh an méid seo a leanas:

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO L 16, 18.1.2019, lch. 108, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/73/oj.
([3]) IO L 16, 18.1.2019, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/72/oj.

(a) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar a mbunaítear na bearta, is é sin ón 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017) (an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh) ('an chéad choinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua');

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le haon cheann de na honnmhaireoirí ná de na táirgeoirí sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán bunaidh agus a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú leis an imscrúdú bunaidh ('an dara coinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua'); agus

(c) gurb amhlaidh a d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach de a onnmhairiú chuig an Aontas ('an tríú coinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua').

B. **IARRAIDH AR STÁDAS AN TÁIRGEORA ONNMHAIRIÚCHÁIN NUA**

(5) An 8 Eanáir 2024, chuir Zhetai Vehicle (Jiangsu) Co., Ltd. ('an t-iarratasóir'), ar táirgeoir rothar leictreach sa tSín é, iarratas faoi bhráid an Choimisiúin go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua dó agus go mbeadh sé ar an gcaoi sin faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha sa tSín nár áiríodh sa sampla, faoi réir an dleachtráta frithchúitimh chomhthreomhair le haghaidh gach cuideachta eile, i.e. 16,2 %, agus é ag maíomh gur chomhlíon sé na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 1(6) den Rialachán bunaidh ('an iarraidh').

(6) Chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na trí choinníoll maidir le stádas an onnmhaireora nua, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig an iarratasóir agus d'iarr sé fianaise air a léireodh gur chomhlíon sé na coinníollacha maidir le stádas an onnmhaireora nua. Thug an t-iarratasóir freagra ar an gceistneoir.

(7) D'fhéach an Coimisiún leis an fhaisnéis uile a mheas sé a raibh gá léi a dheimhniú lena chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha maidir le stádas an onnmhaireora nua. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach. Tá ceadúnas gnó bailí ag an iarratasóir chun rothair leictreacha a tháirgeadh arna chlárú i mí Eanáir 2024 ag Oifig Clárúcháin Bhiúró Maoirseachta agus Riaracháin Margaidh Chontae Lianshui. I gcomhthráth, chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas faoin iarraidh ón iarratasóir agus d'iarr sé ar thionscal an Aontais barúlacha a thabhairt, i gcás inar ghá. D'fhreagair tionscal an Aontais go raibh an t-iarratasóir comhlachaithe le trádálaí Gearmánach, ZT GmbH, a cláraíodh go hoifigiúil i mí Aibreáin 2015.

C. **ANAILÍS AR AN IARRAIDH**

(8) Maidir leis an gcéad choinníoll maidir le stádas an onnmhaireora nua – is é sin nár onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar a bhfuil na bearta bunaithe (an 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017), shuigh an Coimisiún nár onnmhairigh an t-iarratasóir rothair leictreacha chuig an Aontas toisc gur bunaíodh é tar éis na tréimhse sin.

(9) Maidir leis an dara coinníoll maidir le stádas an onnmhaireora nua – is é sin nach bhfuil an t-iarratasóir comhlachaithe le haon onnmhaireoir ná le haon táirgeoir atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán bunaidh, shuigh an Coimisiún nach bhfuil an t-iarratasóir comhlachaithe le haon táirgeoir sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán bunaidh agus a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

(10) Maidir leis an tríú coinníoll maidir le stádas an onnmhaireora nua – is é sin gurb amhlaidh a d'onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas, shuigh an Coimisiún gur onnmhairigh an t-iarratasóir rothair leictreacha lena mbaineann chuig an Aontas, is é sin tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Sholáthair an t-iarratasóir doiciméid ábhartha díolacháin agus custaim le haghaidh idirbheart onnmhairiúcháin chuig an Ísiltír tríd an trádálaí atá comhlachaithe leis sa Ghearmáin i mí na Samhna 2023.

(11) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an gCoimisiún ar an gconclúid gur chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll maidir le stádas an onnmhaireora nua agus ba cheart é a chur faoi réir dleacht frithdhumpála 16,2 % le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh i sampla an imscrúdaithe bunaidh (agus faoi réir an dleachtráta frithchúitimh le haghaidh gach cuideachta eile arna fhorchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ar an táirge lena mbaineann).

(12) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 a leasú dá réir.

D. **NOCHTADH**

(13) Cuireadh an t-iarratasóir agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a measadh gurbh iomchuí an dleachtráta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh i sampla an imscrúdaithe bunaidh a dheonú don iarratasóir.

(14) Tugadh deis don iarratasóir agus do thionscal an Aontais barúlacha a thabhairt. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73, cuirtear an ró seo a leanas isteach tar éis an ró le haghaidh Zhejiang Luyuan Electric Vehicle Co., Ltd.:

Ainm na Cuideachta	Cúige	Cód breise TARIC
‘Zhetai Vehicle (Jiangsu) Co., Ltd.	Jiangsu	89CD’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN